




CLÁR 2026



Achoimre ar an Scéim

Beart 1

Forbairt Saoráidí & Taitneamhachtaí Pobail

Clár

1.	Achoimre ar Scéim 2026	3
2.	Próiseas Iarratais 2026	4
3.	Incháilitheacht & Íosriachtanais Tionscadail	7
4.	Roghnú Tionscadal na nÚdarás Áitiúil	8
5.	Maoiniú atá ar fáil	9
6.	Tionscadail Incháilithe & Tionscadail Neamh-Incháilithe	10
7.	Costais Incháilithe	13
8.	Critéir Mheasúnaithe DRCDG	14
9.	Seachadadh Tionscadail	15
10.	Coinníollacha Maoinithe	17

1. Achoimre ar Scéim 2026

Buneolas

Is clár infheistíochta spriocdhírthe do cheantair tuaithe é CLÁR (Ceantair Laga Ard-Riachtanais) a bhfuil sé d'aidhm aige maoiniú a chur ar fáil do thionscadail bheaga bhonneagair i gceantair tuaithe áirithe ina bhfuil leibhéal arda bánaithe agus/nó atá faoi míbhuntáiste socheachnamaíoch agus atá iargúlta ó thaobh na tíreolaíochta de. Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (DRCDG) a chuireann an clár seo ar fáil agus cuidíonn an maoiniú le teacht aniar na bpobal tuaithe seo a chothú.

An Clár CLÁR don bhliain 2026

Tá méadú ó €11 milliún go €12 milliún tagtha ar an leithdháileadh don Chlár CLÁR don bhliain 2026. Cuirfear clár 2026 i gcrích trí thrí Bheart ar leith mar seo a leanas:

Beart 1: Forbairt Saoráidí & Taitneamhachtaí Pobail

Beart 2: Soghluaiستهacht, Cúram Ailse, Céadfhreagróirí Pobail agus Iompar do Bhéilí ar Rothaí

Beart 3: ‘Ár nOileáin Bheo’

Tagraíonn an achoimre Scéime seo do Bheart 1: Forbairt Saoráidí & Taitneamhachtaí Pobail ar tionscadail iad a sheachadtar trí údaráis áitiúla (LA).

2. Próiseas Iarratais 2026

Ní mór do gach iarratasóir iarratas ar an maoiniú seo a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil (LA).

An Próiseas Iarratais do 2026

Trí chlár na bliana 2026, beidh scoileanna, grúpaí pobail agus deonacha agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúla in ann iarratas a chur isteach chuig na húdaráis áitiúla faoin mBeart seo. **Is féidir le húdaráis áitiúla tionscadail a chur i gcrích as a stuaim féin ach ní mór iad a fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis an bpobal áitiúil.**

D'fhéadfaí eagraíochtaí spóirt áitiúla a chur san áireamh leis na grúpaí pobail seo i gcás ina bhfuil an bonneagar a bhfuil tacaíocht á cur ar fáil dó tríd an iarratas chun leasa an phobail i gcoitinne (agus ní chun leasa na heagraíochta spóirt amháin) agus i gcás ina bhfuil sé **á chur ar fáil go neamhshrianta do gach duine den phobal.**

Ní mór d'údaráis áitiúla próiseas léirithe spéise a bhunú ag leibhéal an chontae chun éascaíocht a dhéanamh ar iarratasóirí atá a bhfuil spéis acu iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú CLÁR. Ansin is faoi gach údarás áitiúil atá sé na léirithe spéise sin a mheas agus tosaíocht a thabhairt d'iarratais lena mbreithniú ag an Roinn.

Ní mór d'údaráis áitiúla líon na léirithe spéise agus an t-iarratas maoinithe lena mbaineann atá faighte acu a chur in iúl don Roinn ag céim an iarratais. Níl aon ghá liosta léirithe spéise a chur faoi bhráid na Roinne mura n-iarrann sí ceann, ach ní mór don údarás áitiúil iad sin a choinneáil ar taifead.

D'fhéadfadh an t-údarás áitiúil suas le **14 iarratas ar thionscadal** a roghnú lena gcur ar aghaidh chuig an Roinn i gcomhair a mbreithnithe.

Chun tacú lenár gceantair Ghaeltachta, is féidir le húdaráis áitiúla dhá iarratas breise a chur isteach i leith ceantar Gaeltachta incháilithe atá suite sa chontae. Is féidir leis na contaetha sin dá réir 16 thionscadal a chur isteach. Ba cheart na cáipéisí seo a leanas a chur isteach:

1. Ní mór do gach údarás áitiúil ‘Achoimre ar an Iarratas’ (MS Excel) a chomhlánú. Is liosta é seo de gach iarratas tionscadail. Ba chóir na tionscadail a chur in ord tosaíochta (1 go 14) mar chuid den achoimre nó uimhir ó 1-16 a chur orthu sa chás go bhfuil ceantair Ghaeltachta incháilithe san áireamh.
2. Ní mór don údarás áitiúil an fhoirm ‘Iarratas ar Thionscadal’ a chur isteach (MS Word, ní i leagan amach PDF) i ndáil le gach aon tionscadal ar leith. Ní mór don údarás áitiúil a chinntiú go bhfuil na foirmeacha comhlánaithe go hiomlán agus ag cloí leis an Achoimre ar Scéim 2026.

Cuireann an DRCDG na cáipéisí seo ar fad ar fáil do gach údarás áitiúil.

Cinntigh go ndéantar iarratais a chomhlánú go hiomlán agus go mbeidh na cáipéisí tacaíochta riachtanacha ar fad curtha isteach mar d’fhéadfadh sé nach mbeadh an Roinn in ann cáipéisíocht atá ar iarraidh nó foirmeacha iarratais neamhiomlána a fhiosrú.

Ní bhreithneofar iarratais nach mbeidh comhlánaithe go hiomlán.

Is ceart d’údaráis áitiúla a n-iarratais a chur ar aghaidh go díreach ar ríomhphost chuig an Roinn ar CLAR@DRCDG.gov.ie faoin **3 Iúil 2026**.

Cuirtear gach iarratas isteach chun go ndéanfaidh DRCDG iad a mheas agus a bhreithniú go hiomaíoch i gcomhthéacs an mhaoinithe atá ar fáil: ní thabharfar maoiniú do gach iarratas.

Ceisteanna

Ba chóir aon fhiosruithe a sheoladh ar ríomhphost freisin chuig CLAR@DRCDG.gov.ie

Amlínte Tionscadal

Seoladh na scéime	9 Márta 2026
--------------------------	--------------

Iarratais le bheith faighte ag an Roinn ó na hÚdaráis Áitiúla*	3 Iúil 2026
Maoiniú a bhronnadh (táscach)	Samhain 2026
Tionscadail curtha i gcrích agus tarraingthe anuas	18 mí tar éis an fhógra

***Spreagtar iarratasóirí dul i dteagmháil lena nÚdaráis Áitiúla i ndáil le dátaí deiridh do léirithe spéise agus foirmeacha ábhartha. Is iad na húdaráis áitiúla a riarann Beart 1 den chlár CLÁR thar ceann na Roinne.**

3. Incháilitheacht & Íosriachtanais Tionscadail

Iarratasóirí Incháilithe

Is féidir le scoileanna, grúpaí pobail agus deonacha agus cuideachtaí forbartha áitiúla iarratas a dhéanamh chuig a n-údarás áitiúil ábhartha. Tá údaráis áitiúla incháilithe iarratas a chur isteach freisin má tá siad i gcomhpháirtíocht le heagraíocht pobail – ní mór é sin a léiriú go soiléir ar an bhfoirm iarratais.

Ní mór don údarás áitiúil a chinntiú go bhfuil saoráidí ar fáil don phobal agus ar fáil le húsáid/cur in áirithe le socruithe soiléire chun an áis a chur faoi árachas agus a bhainistiú. Ní mór aon saoráidí a mhaoiniú a bheith oscailte don phobal gan riachtanas a bheith ann a bheith i do bhall do chlub, a bheith ar rolla na scoile agus mar sin de. **Ní mór do shaoráidí atá lonnaithe ar thailte na scoile a bheith oscailte don phobal tar éis uaireanta scoile.**

Ní mór don údarás áitiúil a chinntiú go mbeidh saoráidí a mhaoiniú i bhfeidhm ar feadh 5 bliana ar a laghad ón tráth a gcríochnaítear an tionscadail.

Íosriachtanais Tionscadail

Ní mór toiliú ón úinéir talún, cead pleanála, measúnuithe riachtanacha (más infheidhme), agus an maoiniú meaitseála riachtanach a dhearbú agus a bheith i bhfeidhm tráth a dhéantar an t-iarratas. D'fhéadfadh an Roinn fianaise ar an méid sin a iarraidh le linn an phróisis measúnaithe. Ní mór don phríomhiarratasóir cáipéisíocht dá leithéid a choinneáil ar taifead ar feadh tréimhse 6 bliana ó dháta an iarratais.

Tabhair faoi deara, nach mór don iarratasóir úinéireacht a bheith aige ar an áitreabh/réadmhaoin nó go mbeadh **7 mbliana ar a laghad** fágtha ar léas/cheadúnas an áitribh/na réadmhaoine.

4. Roghnú Tionscadal na nÚdarás Áitiúil

Is trí na húdaráis áitiúla a chuirfear an beart i bhfeidhm. Ní mór tionscadail arna moladh ag an údarás áitiúil don Roinn a roghnú ar mbonn seo a leanas:

- go bhfuil siad lonnaithe i gceantar CLÁR
- gur iarratas ó eagraíocht phobail nó dheonach, scoil nó cuideachtaí forbartha áitiúil chuig an údarás áitiúil atá i gceist.
- go bhfuil fianaise shoiléir ar an ngá atá leis an tionscadal
- go bhfuil siad ag teacht leis an bPlean Forbartha Contae/Plean Baile, an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- go bhfuil fianaise ann go bhfuil gach ceadú riachtanach i bhfeidhm tráth a dhéantar an t-iarratas.
- go bhfuil fianaise ann go bhfuil léas/ceadúnas 7 mbliana ar a laghad i bhfeidhm sa chás nach leis an t-iarratasóir an áitreabh
- go bhfuil costais mheasta chuimsitheacha leo, lena n-áirítear táillí gairmiúla na n-údarás áitiúil, más infheidhme.
- go bhfuil fianaise ann go bhfuil cistiú meaitseála i bhfeidhm ag an tráth a dhéantar an t-iarratas
- go bhfuil fianaise ann go mbeidh an tionscadal atá á mhaoiniú ar fáil don phobal gan coinne a dhéanamh, agus go bhfuil an t-árachas atá riachtanach i bhfeidhm
- gur saoráid aonair (ní láithreacha éagsúla) atá i gceist.
- aon 1 iarratas amháin in aghaidh na heagraíochta/saoráide.
- go mbeidh teacht ag cách ar an tionscadal.
- go mbeidh na tionscadail faoi réir chun tús a chur leo.

5. Maoiniú atá ar fáil

Maoiniú Deontais agus Ráta Cabhrach

Beidh deontas íosta €5,000 agus deontas uasta €65,000 i bhfeidhm don bheart seo. Chun tionscadail ar scála beagán níos mó a éascú, is féidir le gach údarás áitiúil 2 iarratas a chur isteach chun maoiniú deontais suas le €100,000 a lorg. Ciallaíonn sé seo gur féidir le gach údarás áitiúil an méid seo a leanas a chur isteach:

Do chontaetha **nach bhfuil** ceantar Gaeltachta iontu, suas le 14 iarratas agus,

- 12 iarratas ag lorg maoinithe idir €5,000 agus €65,000
- 2 iarratas ag lorg maoinithe idir €5,000 agus €100,000 más gá.

Do chontaetha ina bhfuil ceantar Gaeltachta, ar choinníoll gur limistéir CLÁR ainmnithe iad na limistéir sin, is féidir leo suas le 16 iarratas a chur isteach agus,

- 14 iarratas ag lorg maoinithe idir €5,000 agus €65,000
- 2 iarratas ag lorg maoinithe idir €5,000 agus €100,000 más gá.

Cuirfear suas le 90% den chostas ar fáil faoin scéim. Ní mór an 10% eile nó fuílleach an chostais a chur ar fáil in airgead tirim trí údarás áitiúil/pobal/acmhainní eile. Féadfar glacadh le ranníocaíochtaí daonchairdiúla mar chuid den chostas maoinithe meaitseála nó den chostas maoinithe meaitseála iomlán. Ní mór an maoiniú seo a bheith i bhfeidhm ag an tráth a dhéantar an t-iarratas.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir le maoiniú meaitseála teacht ó Scéimeanna DRCDG eile nó ó chistí poiblí eile seachas acmhainní na n-údarás áitiúil féin.

6. Tionscadail Incháilithe & Tionscadail Neamh-Incháilithe

Tionscadail Incháilithe

Tacóidh Beart 1 le tionscadail chaipitil éagsúla ar an gcoinníoll go gcuideoidh siad le feabhas a chur ar shaoráidí áineasa pobail atá ann cheana agus/nó le forbairt saoráidí áineasa pobail nua inrochtana agus, dá bhrí sin, teacht aniar na bpobal tuaithe a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear maidir le saoráidí pobail a ullmhú le húsáid le linn imeachtaí éigeandála.

Ní mór do gach áis pobail a mhaoinítear faoin gclár seo a bheith inrochtana do gach cumas agus aois, a oiread agus is féidir. D'fhéadfadh roinnt eilimintí éagsúla a bheith san áireamh in iarratais faoin mBeart seo maidir le háis aonair.

Tugtar sa liosta thíos samplaí de na cineálacha tionscadal a d'fhéadfaí tacú leo, **ach ní liosta críochnaitheach é:**

- Oibreacha athchóirithe ar scála beag ar saoráidí pobail atá oscailte don phobal i gcoitinne, mar shampla ionaid phobail/ionaid spóirt/clubthithe grúpaí spóirt/ionaid óige/seideanna na bhfear srl. Áirítear leis seo oibreacha seachtracha amhail páirceáil agus feabhsúcháin inrochtaineachta
- Limistéir Cluichíochta Ilúsáide (MUGAnna)/áiseana Astro-Turf lena n-áirítear uasghráduithe (féach bosca eolais i ndáil le dromchlaí Astro-Turf thíos)
- Clóis súgartha/páirceanna scátála/pumptraonta/raonta rothaíochta/spásanna do dhéagóirí
- Raonta siúil/reatha/lúthchleasaíochta
- Cúirteanna liathróid láimhe/cúirteanna leadóige/cúirteanna cispheile/páirc chruicéid/limistéir babhlála lasmuigh
- Giomnásiam/pictiúrlanna pobail
- Gairdíní céadfacha/gairdíní pobail/cuibhrinn/plandáil bithéagsúlachta
- Rochtain ar láithreacha oidhreachta áitiúla ar leith/limistéir áilleachta nádúrtha
- Saoráidí leithreas agus athraithe lasmuigh feabhsaithe
- Páirceáil carranna
- Bearta sábháilteacha tráchta atá dírithe ar an bpobal

- Rochtain ar fhaichí spóirt a fheabhsú e.g. ardáin don lucht féachana a fhorbairt/uasghrádú ag faichí spóirt áitiúla agus béim faoi leith á leagan ar rochtain a fheabhsú do dhaoine de gach cumas agus aois
- Leithris/cithfholcadáin i saoráidí pobail seachas seomraí feistis nó cithfholcadáin foirne spóirt.
- Gineadóirí Éigeandála. Ní mór iad sin a bheith soghluaiste d'úsáid comhroinnte poiblí. Ní mór a dheimhniú go bhfuil lasca athraitheacha i bhfeidhm ag na háiseanna a úsáidfidh an gineadóir agus gur féidir costas suiteála na lasc sin sna háiseanna sin a áireamh mar chuid den iarratas ar thionscadal an ghineadóira.
- Gníomhartha chun truailliú solais a laghdú (talún agus mara) trí straitéisí soilsithe athchóirithe chun spéartha dorcha na hÉireann a chosaint agus/nó a thabhairt ar ais
- Araidí Gréine

Don fhorbairt bheartaithe nó na hoibreacha feabhsaithe ar pháirceanna nó dromchlaí

Astro-Turf

Ba mhaith linn d'aird a dhíriú ar rialacháin an AE maidir le díolachán micreacháithníní polaiméire sintéisi áirithe a n-úsáidtear mar inlónadh gráinneach le húsáid ar dhromchlaí sintéise spóirt (Astroturf). Beidh cosc i bhfeidhm ó 2031 lena gcuirfear teorainn leis an ábhar a úsáidtear chun dromchlaí Astroturf a athlónadh. D'iarratasóirí atá ag smaoineamh ar iarratas a chur isteach faoi chlár CLÁR 2026 d'fhorbairt nó d'oibreacha ar aon chineál dromchla Astroturf, ba cheart dóibh ar an gcéad dul síos na rialacháin sin a phlé lena gconraitheoir nó lena soláthraí dromchla chun a chinntiú go bhfuil a bhforbairt ag cloí le reachtaíocht ábhartha agus go seasfaidh sí an aimsir ionas

Ní mór achoimre shoiléir a thabhairt ar an bhfoirm iarratais ar an ngá atá leis na tionscadail agus ar an réasúnaíocht atá leis na tionscadail atá á gcur chun cinn.

Moltar don údarás áitiúil teagmháil a dhéanamh leis an Roinn maidir le haon cheist maidir le hincháilitheacht tionscadail.

Tionscadail Neamh-incháilithe

Ní mhaoineofar na tionscadail seo a leanas:

- Cosáin
- Scáthláin bus

- Oibreacha ar fhoirgnimh reatha scoile nach bhfuil oscailte don phobal i ndiaidh uaireanta scoile
- CCTV
- Talamh nó foirgnimh a cheannach

7. Costais Incháilithe

Ba chóir mionsonraí a chur ar fáil sna hiarratais maidir leis na costais incháilithe atá i gceist leis an tionscadal atá beartaithe. Tabhair do d'aire nach bhfuil incháilithe ach míreanna den chineál **caipitil**, atá lárnach don tionscadal. Tá teorainn 12.5% de chostais iomlána an tionscadail ar chostais ghairmiúla.

- Tacóidh Foirne Seachadta Caipitil (CDT) atá maoinithe ag DRCDG le tionscadail CLÁR a sheachadadh. Tá CDT i bhfeidhm faoi chomhaontú maoinithe a chuireann cosc ar chostais forchostais/tuarastail/riaracháin a éileamh i gcoinne aon scéim infheistíochta caipitil DRCDG mura bhfuil na costais tabhaithe cheana féin roimh shíniú an chomhaontaithe agus go bhfuil siad incháilithe faoin gcomhaontú scéime/maoinithe tionscadail ábhartha agus/nó téarmaí agus coinníollacha, nó leis an gcomhaontú scríofa le DRCDG.
- Sa chás go bhfuil sé beartaithe ag an údarás áitiúil seirbhísí nó oibreacha speisialaithe a dhéanamh go himhneánach, agus nach bhfuil na scileanna chun na seirbhísí sin a sholáthar laistigh den CDT, ní mór miondealú ar na costais sin a chur san áireamh san fhoirm iarratais agus réasúnaíocht a chur ar fáil dóibh freisin. Ní mór do na costais seo a bheith réasúnta agus i gcomhréir le costas foriomlán an tionscadail, agus ní mór iad a shainiú ag an gcéad chéim den iarratas. Déanfar na costais sin a mheasúnú ag céim an iarratais agus d'fhéadfaí iarraidh ar an údarás áitiúil na costais sin a bhaint nó a laghdú má mheastar go bhfuil siad iomarcach.
- Ina theannta sin, ní mór réasúntacht an chostais a fhíorú, m.sh. ní mór don údarás áitiúil fianaise a bheith aige ar chomhad an tionscadail go bhfuil an costas a ghearrtar ag teacht leis an gcostas a bhaineann le conraitheoir seachtrach a fhostú, nó níos lú ná sin. Déanfar athbhreithniú ar an bhfianaise ag céim na cigireachta den tionscadal. Mura bhfuil sin ar taifead, mheasfaí gur suim neamh-incháilithe an tsuim a gearradh.

8. Critéir Mheasúnaithe DRCDG

Agus iarratais á measúnú agus tionscadail á roghnú le haghaidh maoinithe, breithneofar roinnt fachtóirí lena n-áirítear ord tosaíochta a léirítear ag an údarás áitiúil; raon, meascán, cáilíocht agus tionchar na dtionscadal atá beartaithe; maoiniú a cuireadh ar fáil roimhe seo, agus ceisteanna ábhartha eile.

Beidh iarratais a n-éireoidh leo achomair agus dírithe. Tá caighdeán agus soiléire na n-iarratas comhlánaithe, go háirithe an gá/bunús a leagtar amach san iarratas, tábhachtach sa phróiseas measúnaithe.

Féadfar líon na dtionscadal atá ceadaithe i ngach contae a chinneadh ag tagairt do mhéid an limistéir CLÁR sa chontae agus/nó do mhéid an limistéir CLÁR i gcoibhneas le méid foriomlán an chontae.

Tabhair do d'aire go bhféadfadh pionós a bheith i gceist mura leantar na treoracha soláthair phoiblí.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIInna)

In Éirinn, glacadh le cur chuige uile-rialtais chun na SFIInna a chur i bhfeidhm. Iarrtar ar iarratasóirí CLÁR na SFIInna atá á seachadadh tríd an tionscadal atá beartaithe acu a aithint agus a liostáil ina n-iarratas. Is féidir le suas le 3 SFI ar a mhéad a bheith i gceist. Is féidir tuilleadh eolais ar na SFIInna a fháil ar; <https://irelandsdg.geohive.ie/> Is iad seo a leanas na 17 SFI:

Spríoc 1	Gan Bhochtaineacht	Spríoc 6	Uisce Glan agus Sláintíocht	Spríoc 10	Neamhionannas Laghdaithe	Spríoc 14	Saol Faoi Uisce
Spríoc 2	Deireadh le hOcras	Spríoc 7	Fuinneamh Inacmhainne agus Glan	Spríoc 11	Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe	Spríoc 15	An Saol ar an Talamh
Spríoc 3	Dea-shláinte agus Folláine	Spríoc 8	Obair Mhaith agus Fás Eacnamaíoch	Spríoc 12	Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach	Spríoc 16	Síocháin agus Ceartas Institiúidí Láidre
Spríoc 4	Oideachas Ardchaighdeáin	Spríoc 9	Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar	Spríoc 13	Gníomhú ar son na hAeráide	Spríoc 17	Comhpháirtíochtaí chun an Spríoc a bhaint amach
Spríoc 5	Comhionannas Inscne						

9. Tionscadail a Sholáthar

Táthar ag súil go n-imreoidh an t-údarás áitiúil ról ceannasach maidir le go leor de na tionscadail a cheadóidh an Roinn a sholáthar. Is é an páirtí a dhéanfaidh conradh leis an Roinn, de réir mar is cuí, a bheidh freagrach as aon easnamh a eascróidh as aon neamhchomhlíonadh i leith an tionscadail a chúiteamh.

Ní mór do na tionscadail ar fad an Creat Beartais um Sholáthar Poiblí Náisiúnta arna fhoilsiú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais a chomhlíonadh. Féach ar www.etenders.gov.ie chun níos mó sonraí a fháil. D'fhéadfaí an caiteachas gaolmhar a mheas a bheith neamh-incháilithe mura gcloítear leis na riachtanais seo.

Dul Chun Cinn na dTionscadal

Tá sé de fhreagracht ar an údarás áitiúil a chinntiú go ndéanfar an tionscadal a chur i gcrích agus an maoiniú a tharraingt anuas laistigh de na hamlínte thuas. Iarrfar ar údarás áitiúla tuairisc a thabhairt ar bhonn leanúnach ar dhul chun cinn sna tionscadail a cheadaítear.

Féadfaidh an Roinn síneadh ama a thabhairt i gcásanna eisceachtúla. Ní mór aon iarratas ar shíneadh ama a chur isteach i scríbhinn agus **roimh dháta deiridh an chonartha** agus an chúis atá leis an síneadh mar aon leis na dátaí nua atá á n-iarraidh i ndáil le críochnú/tarraingt anuas. Coimeádann an Roinn an ceart iarraidh ar bith ar shíneadh ama a cheadú nó a dhiúltú.

Socruithe maidir le Deontais a Íoc

Féadfar maoiniú a tharraingt anuas i gcéimeanna i ndáil le gach tionscadal ar leithligh.

- Is féidir an chéad éileamh a chur isteach nuair atá ar a laghad 50% de chostais mheasta an tionscadail caite.
- Is féidir an t-éileamh deiridh a chur isteach i ndiaidh an tionscadal a chur i gcrích agus nuair atá costais ar fad an tionscadail tabhaithe.

Ní mór don údarás áitiúil gan iarrataí ar íocaíocht a chur isteach ach i ndiaidh don údarás áitiúil **íocaíocht a eisiúint**, agus nuair a bheidh na hoibreacha ábhartha **curtha i gcrích**. Ní cheadaítear iarraidh ar tharraingt anuas a chur isteach chuig an

Roinn má tá sonraisc fós gan íoc nó i gcás nár chuir an grúpa pobail agus/nó an t-údarás áitiúil na hoibreacha ábhartha i gcrích go hiomlán.

10. Coinníollacha Maoinithe

D'fhéadfadh sé go mbeadh sé mar thoradh ar neamhchomhlíonadh choinníollacha na scéime agus/nó neamhchomhlíonadh an chonartha a bronnadh agus a comhaontaíodh go gceanglófar cuid den mhaoiniú deontais nó an maoiniú deontais ar fad a aisíoc.

Riachtanais

1 Bheifí ag súil go gcuirfear tús leis na tionscadail gan mhoill tráth a gceadaítear iad agus go gcuirfear i gcrích iad de réir na n-amlínte atá leagtha amach san Imlíne Scéime seo.

2 Déanfar aon tionscadal nár cuireadh tús leis faoin dáta críochnaithe comhaontaithe a dhíghéalladh go huathoibríoch, mura bhfuil rannpháirtíocht leanúnach déanta leis an Roinn agus mura bhfuil glactha ag an Roinn leis na cúiseanna atá leis an moill.

3 Féadfaidh an Roinn maoiniú a leithdháiltear ar thionscadail faoin Scéim a dhíghéalladh sa chás nach gcuirtear an tionscadal i gcrích laistigh den am a shonraítear, agus i gcás nach bhfuil comhaontú sainráite na Roinne chun síneadh a chur leis an socrú maoinithe comhaontaithe roimh ré.

4 Íocaíochtaí Céimnithe: D'fhéadfaí an maoiniú a tharraingt anuas in 2 chéim ar a mhéad. Is é an t-íosmhéid is féidir a tharraingt anuas ag am ar bith ná 50% de chostais tionscadail nuair a bheidh siad tabhaithe ag an údarás áitiúil. Ní mór don Stiúrthóir Seirbhísí (DOS) nó d'oifigeach údaraithe iarratais ar mhaoiniú a tharraingt anuas (Aguisín 4 Iarratas ar Mhaoiniú a Tharraingt Anuas) a shíniú agus ba chóir an DOS a chóipeáil nuair atá an t-éileamh á chur isteach.

5 Ní mór tionscadail a chur i gcrích ina n-iomláine chun méid iomlán an deontais a tharraingt anuas. Sa chás go bhfaightear amach nach bhfuil tionscadal tugtha chun críche, féadfaidh an Roinn iarraidh ar an deontáí aon mhaoiniú a fuarthas don tionscadal a aisíoc. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí aon athruithe ar ghnéithe an tionscadail, nó ath-leithdháileadh maoinithe idir gnéithe, in iúl agus go gcomhaontófar leis an Roinn iad sula gcuirfear an t-athrú i bhfeidhm (Aguisín 6 – Athrú Cuspóra); ní cheadóidh an Roinn athruithe ar thionscadail go cúlghabhálach.

6 Sa chás go bhfuil athruithe curtha i bhfeidhm ar thionscadal ceadaithe gan cead na Roinne, féadfar an maoiniú deontais a laghdú chun an tionscadal leasaithe a léiriú.

7 Sa chás go bhfuil coinneáil i bhfeidhm, coinneoidh an Roinn cuid chéatadáin den focaíocht deontais, i gcomhréir leis an gcostas céatadáin a choinnítear siar, go dtí go dtiocfaidh an tréimhse choinneála thart. Tabharfar síneadh coinníollach sna cásanna seo. Féadfaidh údaráis áitiúla an méid deontais atá fágtha a tharraingt anuas ansin nuair is féidir cruthúnas a sholáthar go bhfuil an méid coinneála deiridh íoctha.

8 Má bhaineann an tionscadal le hoibreacha ar fhoirgnimh nó ar thailte nach bhfuil faoi úinéireacht an deontaí, ní mór léas/ceadúnas 7 bliana ar a laghad a bheith i bhfeidhm ó dháta iarratais an tionscadail.

9 I gcás maoiniú a leithdháiltear ar fhiontair nó ar áiseanna (m.sh. ionaid phobail, moil), is ceanglas é go gcaithfidh siad feidhmiú mar atá maoinithe ar feadh 5 bliana ar a laghad tar éis an chéim dheireanach den mhaoiniú a scaoileadh, nó d'fhéadfadh sé go gcaithfí maoiniú a aisíoc. Sa chás nach n-oibreoidh siad mar a maoiníodh iad, caithfidh siad é sin a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú leis an Roinn roimh ré.

10 Ní mór cloí leis na rialacha agus na rialacháin chuí airgeadais, soláthair phoiblí agus cuntasáíochta go léir agus tabharfaidh gach deontaí cuntas iomlán ar an maoiniú a fhaightear go tráthúil.

11 Is faoin údarás áitiúil atá sé a chinneadh an bhfuil faighteoirí deontais cláraithe le CBL, agus má tá, ní bheidh an méid CBL le héileamh mar chostas tionscadail ag tarraingt anuas.

12 D'fhéadfaí gach tionscadal a bheith faoi réir iniúchadh faoi phróisis chaighdeánacha na Roinne. Ní mór doiciméid iomlána agus cruinne a choinneáil ar chomhad an tionscadail chun tacú leis an gcaiteachas ar fad agus ba chóir go mbeadh sé inrochtana ag oifigigh na Roinne i gcónaí chun críocha iniúcháireachta, ar feadh tréimhse cúig bliana ón dáta a chuirtear an tionscadal i gcrích.

13 Tabharfaidh deontaithe aitheantas don tacaíocht atá faighte ó Thionscadal Éireann 2040/An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta/Rialtas na hÉireann, agus d'aon fhoinsí maoinithe infheidhme eile (mar a shainmhínítear sa Chomhaontú Maoinithe ábhartha) i ngach fógra poiblí, fógraíocht agus comharthaíocht, de réir mar is cuí, a bhaineann leis an tionscadal. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an Roinn an tionscadal a úsáid i gcur chun cinn níos leithne a cuid beartas. Is féidir costais don chomharthaíocht éigeantach a chur san áireamh i gcostais an tionscadail ag céim an iarratais.

14 Ní mór comharthaíocht a bheith i bhfeidhm ag gach tionscadal atá maoinithe ag CLÁR. Ní mór na comharthaí sin a bheith suiteáilte in áit fheiceálach, ní mór gné

mharthanach a bheith i gceist leo, ní mór aitheantas a thabhairt do mhaoiniú CLÁR agus ní mór méid leordhóthanach a bheith iontu chun go mbeidh siad feiceálach go soiléir ag an bpobal. Ní mór do na comharthaí seo Treoirlínte na Roinne maidir le Brandáil a chomhlíonadh. Ní mór cloí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (leasú) 2021 freisin, mar shampla, ní mór don chomharthaíocht a bheith i nGaeilge agus i mBéarla araon agus an Ghaeilge ar taispeánt ar dtús. Cuireadh treoirlínte comharthaíochta nuashonraithe do 2026 ar fáil.

15 Soláthróidh deontaithe aon tuarascálacha agus faisnéis a bhaineann leis an tionscadal de réir mar a d'fhéadfadh an Roinn a iarraidh go réasúnach ó am go ham.

16 Ba cheart monatóireacht agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar thionchar an tionscadail. Beifear ag brath ar dheontaithe na sonraí cuí a bhailiú chun éascaíocht a dhéanamh ar an bhfoghlaim seo ar bhonn leanúnach. Is ceart tuairisc ghearr (1-2 leathanach) ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail arna mhaoiniú a chur i gcrích agus a chur ar fáil don Roinn má iarrtar a leithéide.

17 Cuirfidh deontaithe pointe/pointí teagmhála ar fáil don Roinn chun iarratais ar íocaíocht agus ar fhaisnéis a éascú. Ba chóir an Roinn a choinneáil ar an eolas in am trátha maidir le haon athruithe ar phearsanra teagmhála.

18 Tá sé de cheart ag an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta tionscadail a sheoladh/a oscailt a fhaigheann tacaíocht faoin gclár CLÁR. Ba cheart fógra a thabhairt don Roinn sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta atá beartaithe d'imeachtaí den sórt sin.

19 Treoirlínte Bonneagair - Ní mór do gach iarratas costais tionscadail mhionsonraithe agus luach soiléir ar airgead a thaispeánt. Braithfidh castacht na gceanglas breithmheasa agus na modhanna a úsáidfear ar mhéid agus ar an gcineál tionscadail agus ba cheart go mbeadh siad i gcomhréir lena scála.

20 Ní mór gach próiseas soláthair a bheith ag teacht le Ceanglais an AE maidir le Soláthairtí Poiblí (Treoir AE 2014/24) agus le treoirlínte soláthair náisiúnta arna bhfoilsíú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Téigh chuig www.etenders.gov.ie agus www.constructionprocurement.gov.ie le haghaidh tuilleadh sonraí.